C/2025/6577

9.12.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1])

(C/2025/6577)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE SAINEARRA THRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

(Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Žemaitiškas kastinys’

Uimh. AE: TSG-LT-0910-AM01 – 23.9.2024

1. **Ainm an táirge lena mbaineann an leasú**

Žemaitiškas kastinys

2. **An Ballstát nó an tríú tír as a dtionscnaíonn an t-iarratas**

an Liotuáin

3. **Ceannteidil sa tsonraíocht táirge lena mbaineann an leasú (nó na leasuithe)**

☐ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar an táirge

☒ Modh táirgthe

☒ Eile

4. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) agus na cúiseanna leis (nó leo)**

1. Leasaíodh an téacs sa tríú mír d’fhophointe 3.5 den tsonraíocht atá ann faoi láthair chun saintréithe fisiciceimiceacha ‘Žemaitiškas kastinys’ a choigeartú. Léitear an téacs leasaithe mar a leanas agus tá sé sa dara mír d’fhophointe 4.1 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta:

‘Is iad seo a leanas saintréithe fisiciceimiceacha “Žemaitiškas kastinys”:

— cion saille, ag brath ar an oideas: 28–32 %,

— cion salainn choitinn: 1,3–1,7 %.’

Tá sé sin á choigeartú mar gheall ar shaintréithe orgánaileipteacha an táirge: fágann an cion saille beagán níos airde go mbíonn raimhre beagán níos boige ag an táirge deiridh agus go mbíonn blas níos fearr air. Comhlánaíonn an cion salainn choitinn níos airde blas beagáinín aigéadach lachtach an táirge. Comhcheanglaíonn an cion salainn choitinn measartha go comhchuí leis an iarbhlas beagáinín sailleach.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

2. Leasaíodh an téacs sa chéad mhír d'fhophointe 3.6 den tsonraíocht atá ann faoi láthair chun cainníochtaí na n-amhábhar le haghaidh 'Žemaitiškas kastinys' a choigeartú. Léitear an téacs leasaithe mar a leanas agus tá sé sa chéad mhír d'fhophointe 4.2 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta:

'Amhábhair:

— uachtar géar a bhfuil 28–32 % cion saille ann: 80–86 kg/100 kg den táirge,

— im a bhfuil ar a laghad 82 % cion saille ann: 6-7 kg/100 kg den táirge,

— uachtar géar a bhfuil 2,5–4 % cion saille ann: 5–5,7 kg/100 kg den táirge,

— salann coiteann: 1,3-1,7 kg/100 kg den táirge.'

Is gá na raonta a luaitear le haghaidh na gcomhábhar a mhéadú mar gheall ar shainiúlachtaí teicniúla a bhraitheann ar an tséasúracht: bíonn éagsúlacht i gceist le comhdhéanamh ceimiceach na saille (aigéid shailleacha), rud a dhéanann difear don phróiseas teicniúil, don am táirgthe agus do shaintréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh, mar sin is gá cainníochtaí na gcomhábhar a choigeartú beagán uaireanta.

3. Leasaíodh an téacs sa séú mír (an mhír dheireanach) d'fhophointe 3.6 den tsonraíocht atá ann faoi láthair chun an modh pacáistithe le haghaidh 'Žemaitiškas kastinys' a choigeartú. Léitear an téacs leasaithe mar a leanas agus tá sé sa séú mír (an mhír dheireanach) d'fhophointe 4.2 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta:

'Déantar "Žemaitiškas kastinys" a phacáistiú i gcrúscaí cré nó i gcoimeádáin indiúscartha 250 g, 200 g agus 100 g nó i dtobáin 3-5 kg. Dúntar na crúscaí le claibín cré, cuirtear clúdach anuas ar an gclaibín sin agus daingnítear le corda é. Séalaítear na coimeádáin indiúscartha le claibín scragaill agus séalaítear na tobáin le claibín. Tar éis an phacáistithe, fuaraítear "Žemaitiškas kastinys" go teocht 6 °C. A luaithe a bhíonn sé fuaraithe, éiríonn struchtúr an táirge righin agus aonchineálach.'

Ní mór do cheannaitheoirí tionsclaíocha (caiféanna, bialanna, óstáin, etc.) an rogha a bheith acu an táirge a cheannach i bpacáistíocht níos mó.

4. Tugadh teimpléad na sonraíochta le haghaidh an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht 'Žemaitiškas kastinys' cothrom le dáta, rud a chiallaíonn gur athraíodh leagan amach na faisnéise sa doiciméad agus gur scriosadh cuid de phointí nó d'fhophointí na sonraíochta atá ann cheana:

(a) scriosadh pointe 1 den tsonraíocht atá ann faoi láthair;

(b) an fhaisnéis 'Ballstát nó tríú tír: an Liotuáin', mar a fhoráiltear i bpointe 2 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, roimh phointe 1 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta;

(c) athraíodh an teideal 'Sonraíocht táirge' de phointe 3 den tsonraíocht atá ann faoi láthair go 'An foras le clárú a dhéanamh';

(d) leasaíodh an téacs i bhfophointe 3.1 den tsonraíocht atá ann faoi láthair;

(e) leasaíodh an téacs i bhfophointe 3.2 den tsonraíocht atá ann faoi láthair;

(f) scriosadh fophointe 3.3 den tsonraíocht atá ann faoi láthair;

(g) scriosadh fophointe 3.5 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach aistríodh an téacs atá san fhophointe sin go fophointe 4.1 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta, cé is moite den téacs sa chéad mhír, a aistríodh go fophointe 3.1;

(h) scriosadh fophointe 3.6 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach aistríodh an téacs atá san fhophointe sin go fophointe 4.2 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta;

(i) scriosadh fophointe 3.7 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach aistríodh an téacs atá san fhophointe sin go fophointe 4.1 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta, cé go ndearnadh leasuithe teicniúla ar an dara mír;

(j) scriosadh fophointe 3.8 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach aistríodh an téacs atá san fhophointe sin go fophointe 4.3 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta, cé is moite den téacs sa mhír dheireanach, a aistríodh go fophointe 3.1 agus a ndearnadh leasuithe teicniúla air;

(k) scriosadh fophointe 3.9 den tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach aistríodh an téacs atá san fhophointe sin go fophointe 4.1 den tsonraíocht atá tugtha cothrom le dáta, cé is moite den téacs sa mhír dheireanach, agus rinneadh leasuithe teicniúla air;

(l) scriosadh pointe 4 den tsonraíocht atá ann faoi láthair.

Tugadh an tsonraíocht le haghaidh an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht cothrom le dáta i gcomhréir leis an teimpléad a sholáthraítear i gcóras digiteach an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

5. Leasaíodh an téacs i bhfophointe 3.4 den tsonraíocht atá ann faoi láthair.

Sonrófar an cineál táirge i gcomhréir le hIarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024.

SONRAÍOCHT TÁIRGE SAINEARRA THRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

‘Žemaitiškas kastinys’

Uimh. AE: TSG-LT-0910-AM01 – 23.9.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Žemaitiškas kastinys

2. **An tríú tír nó an Ballstát atá ag déanamh iarratais ar chlárú**

an Liotuáin

3. **Aicme an táirge, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26**

Aicme 1.4. Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.)

4. **An foras le clárú a dhéanamh**

4.1. An táirge:

☒ is toradh é ar mhodh táirgthe, modh próiseála nó modh comhdhéanaimh atá ag teacht le cleachtas traidisiúnta maidir leis an táirge sin.

Is táirge traidisiúnta é ‘Žemaitiškas kastinys’ a dhéantar as uachtar géar a théitear, a mheasctar agus a fhuaraítear ansin. Níor athraíodh an t-oideas ná an modh táirgthe le haghaidh ‘Žemaitiškas kastinys’ ón gcéad lá go dtí an lá atá inniu ann, mar a léirítear leis an deimhniú a bhronn Ciste Oidhreacht Chócaireachta na Liotuáine ar an táirge sin in 2010, lena ndeimhnítear go ndéantar ‘Žemaitiškas kastinys’ i gcomhréir leis na teicnící traidisiúnta, agus úsáid á baint as amhábhair thraidisiúnta, comhábhair bhreise thraidisiúnta agus trealamh traidisiúnta.

☐ táirgtear an táirge ó amhábhair nó ó chomhábhair a úsáidtear go traidisiúnta.

4.2. Ainm an táirge:

☒ úsáideadh ainm an táirgeadh go traidisiúnta chun tagairt a dhéanamh don táirge.

Ní chuireann an t-ainm ‘Žemaitiškas kastinys’ carachtar sonrach an táirge in iúl, ach tá sé bunaithe agus tá sé aitheanta go maith in Žemaitija (réigiún in iarthar na Liotuáine) agus ar fud na Liotuáine nuair a thagraítear don táirge sin de ghnáth, mar a léirítear leis na foinsí éagsúla dá dtagraítear i bhfophointe 4.3. Tagraítear don ainm ‘Žemaitiškas kastinys’ sna leabhair oideas seo a leanas ón 20ú haois: *Gaspadinystės knyga arba Pamokinimai kaip prigulinčiai yra sutaisomi valgiai* (Tilžė (Tilsit), 1927), *Ką valgome* (an Dr Tumėnienė et al., Kaunas, 1935) agus *Lietuvių valgiai* (arna chur le chéile ag J. Pauliukonienė, Vilnius, 1983).

☐ sainaithnítear carachtar traidisiúnta an táirge leis an ainm.

5. **Tuairisc**

5.1. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 1 maidir leis, lena n-áirítear a phríomhthréithe fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíocha nó orgánaileipteacha (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26*

Bíonn uigeacht shaintréitheach, thiubh, chomhsheasmhach d'uachtar righin ag 'Žemaitiškas kastinys' ina mbíonn braonta aonair leachta, d'fhéadfadh sé a bheith grabhrógach ag teocht + 6 °C agus leánn sé go héasca sa bhéal. Bíonn dath buí aonfhoirmeach ar an táirge uile. Ag brath ar na luibheanna agus ar na spíosraí a úsáidtear san oideas, d'fhéadfadh imireacha de dhathanna na gcomhábhar breise a bheith ar 'Žemaitiškas kastinys' agus d'fhéadfadh píosaí beaga luibheanna nó spíosraí a bheith ann. Bíonn blas séimh, beagán géar, aigéid lachtaigh air, bíonn sé beagán goirt agus bíonn rian de na luibheanna agus na spíosraí le brath air.

Is mar a leanas saintréithe fisiciceimiceacha 'Žemaitiškas kastinys':

— cion saille, ag brath ar an oideas: 28–32 %,

— cion salainn choitinn: 1,3–1,7 %.

Déantar idirdhealú idir 'Žemaitiškas kastinys' agus táirgí eile den chatagóir chéanna leis na saintréithe sonracha seo a leanas:

— Comhábhair thraidisiúnta agus modh táirgthe: murab ionann agus cineálacha eile *kastinys*, is ar éigean a athraíodh an t-oideas le haghaidh 'Žemaitiškas kastinys' ó luadh é den chéad uair sna foinsí scríofa dá dtagraítear i bhfophointe 4.3, i.e. úsáidtear na comhábhair chéanna i gcoibhneasa comhchosúla. Idir an dá linn, chun níos mó éagsúlachta ó thaobh blais a fháil, úsáidtear bainne géar ar fad seachas uachtar géar chun cineálacha *kastinys* eile a dhéanamh, ar tosaíodh iad a tháirgeadh tráth níos déanaí, nó measctar an t-uachtar géar le *kefir*, nó b'fhéidir go gcuirtear sú biatais nó sú cairéid nó buíocáin uibhe leo, a chuireann dath dearg nó buí ar na *kastinys*. Saintréith de tháirgeadh 'Žemaitiškas kastinys' is ea meascadh mall leanúnach an mheascáin ime agus uachtair ghéir, fad a dhéantar an meascadh sin cuirtear an t-ochtú cuid den mheascán uachtair ghéir / bainne ghéir leis de réir a chéile, agus rialaítear an teocht go fíorghéar (25– 30 °C) chun a chinntiú nach ndéantar an bhláthach a dheighilt. Rinneadh nuachóiriú ar tháirgeadh cineálacha eile *kastinys*. Ní dhéantar iad a mheascadh, buailtear iad, cuirtear na comhábhair uile leo i dtrí nó i gceithre bhaisc, nó cuirtear na comhábhair ar fad leo in aon iarraidh amháin fiú, agus d'fhéadfaidís a bheith faoi réir athruithe teochta níos mó.

— Blas: Bíonn blas saintréitheach séimh, beagán géar, aigéid lachtaigh ar 'Žemaitiškas kastinys', bíonn sé beagán goirt agus bíonn rian de na luibheanna agus na spíosraí breise le brath air. Is saintréith de chineálacha eile *kastinys* an blas aigéid lachtaigh sách géar (i gcás inar úsáideadh bainne géar in ionad an uachtair ghéir) a bhíonn orthu nó an blas giosta aigéid lachtaigh (i gcás inar úsáideadh *kefir* in ionad an uachtair ghéir) a bhíonn orthu, mar aon le rian de bhlas saintréitheach an tsú (biatas nó cairéad) breise nó an buíocán uibhe breise.

— Uigeacht: Bíonn uigeacht shaintréitheach, thiubh, chomhsheasmhach d'uachtar righin ag 'Žemaitiškas kastinys' ina mbíonn braonta aonair leachta, d'fhéadfadh sé a bheith grabhrógach ag teocht + 6 °C agus leánn sé go héasca sa bhéal. Saintréith de chineálacha eile *kastinys* is ea uigeacht bhog inleata.

Nuair a chuirtear saintréithe sonracha 'Žemaitiškas kastinys' san áireamh, déantar na seiceálacha seo a leanas:

(1) cáilíocht gach baisce amhábhar a fhaightear:

— ní mór cion saille an uachtair ghéir agus an bhainne ghéir a bheith de réir mar a shonraítear i bhfophointe 4.2; déantar é sin a thástáil i saotharlann;

— ní mór cion saille an ime a bheith de réir mar a shonraítear i bhfophointe 4.2; déantar é sin a thástáil i saotharlann;

— déantar táscairí orgánaileipteacha na luibheanna, na spíosraí agus na nglasraí aramatacha (dea-bholadh, blas, dath) a sheiceáil ar bhonn doiciméad agus trí mheasúnú céadfach;

(2) comhlíontacht leis an teicníc táirgthe a shonraítear i bhfophointe 4.2: déantar comhlíonadh sheicheamh na bpróiseas agus na bparaiméadar sonraithe (teocht agus coibhneasa na gcomhábhar) a sheiceáil ó amharc agus trí thomhais a dhéanamh le linn tháirgeadh gach baisce;

(3) cáilíocht gach baisce den táirge deiridh:

— ní mór na saintréithe orgánaileipteacha (uigeacht, dath, blas) a bheith ag teacht leo siúd a leagtar amach san fhophointe sin; déantar é sin a sheiceáil trí anailís chéadfach;

— ní mór an cion saille a bheith de réir mar a shonraítear san fhophointe sin; déantar é sin a thástáil i saotharlann;

— ní mór an cion salainn choitinn a bheith de réir mar a shonraítear san fhophointe sin; déantar é sin a sheiceáil ar bhonn an oidis agus, i gcás ina dtagann amhras chun cinn, déantar é a sheiceáil i saotharlann.

5.2. *Tuairisc ar an modh táirgthe nach mór do na táirgeoirí a leanúint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineál agus saintréithe na n-amhábhar nó na gcomhábhar a úsáidtear, lena n-áirítear, más ábhartha, ainmniúchán tráchtála an speicis lena mbaineann agus a ainm eolaíoch, agus an modh lena n-ullmhaítear an táirge (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26)*

Amhábhair:

— uachtar géar a bhfuil 28–32 % cion saille ann: 80–86 kg/100 kg den táirge,

— im a bhfuil ar a laghad 82 % cion saille ann: 6-7 kg/100 kg den táirge,

— uachtar géar a bhfuil 2,5–4 % cion saille ann: 5–5,7 kg/100 kg den táirge,

— salann coiteann: 1,3-1,7 kg/100 kg den táirge.

Féadfar luibheanna agus spíosraí (piobar dubh, ilspíosra, cearbhas, lus mín, miontas nó meascán díobh sin: 0,1–0,15 kg/100 kg den táirge) agus glasraí aramatacha (gairleog nó oinniún: 1– 2 kg/100 kg den táirge) a úsáid.

An modh táirgthe:

Táirgtear ‘Žemaitiškas kastinys’ trí mhodh traidisiúnta a úsáid.

Déantar na comhábhair is gá a mheá de réir an oidis. I gcoimeádán ar leithligh, déantar an t-uachtar géar agus an bainne géar a mheascadh le chéile agus a théamh go teocht idir 25 °C agus 30 °C. Bogtar an t-im fuar trína théamh go teocht idir 25 °C agus 30 °C. Glantar agus mionghearrtar na glasraí aramatacha.

I gcomhréir leis an oideas, cuirtear an t-im téite, bogtha sa bhabhla measctha agus cuirtear an meascán uachtair ghéir / bainne ghéir leis de réir a chéile, ag doirteadh an t-ochtú cuid den chainníocht iomlán a éilíonn an t-oideas isteach gach uair agus an meascán á mheascadh de láimh nó ar mhodh meicniúil coibhéiseach. Ní mór ‘Žemaitiškas kastinys’ a mheascadh sa treo céanna i gcónaí. Nuair a bhíonn raimhre uachtair ghéir (gan an bhláthach a bheith deighilte) ag an meascán, cuirtear ochtú cuid eile den mheascán uachtair ghéir / bainne ghéir leis agus leantar den mheascadh. Déantar é sin arís agus arís eile go dtí go mbíonn an meascán uachtar ghéir / bainne ghéir uile curtha leis (de réir an oidis). Nuair a thosaíonn ‘Žemaitiškas kastinys’ ag éirí righin, déantar é a shailleadh agus cuirtear na luibheanna agus na spíosraí meilte agus na glasraí aramatacha mionghearrtha leis agus measctar isteach go cothrom iad. Ní mór ‘Žemaitiškas kastinys’ a phacáistiú láithreach, sula n-éiríonn sé crua.

Déantar ‘Žemaitiškas kastinys’ a phacáistiú i gcrúscaí cré nó i gcoimeádáin indiúscartha 250 g, 200 g agus 100 g nó i dtobáin 3-5 kg. Dúntar na crúscaí le claibín cré, cuirtear clúdach anuas ar an gclaibín sin agus daingnítear le corda é. Séalaítear na coimeádáin indiúscartha le claibín scragaill agus séalaítear na tobáin le claibín. Tar éis an phacáistithe, fuaraítear ‘Žemaitiškas kastinys’ go teocht 6 °C. A luaithe a bhíonn sé fuaraithe, éiríonn struchtúr an táirge righin agus aonchineálach.

5.3. *Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear carachtar traidisiúnta an táirge (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26)*

Chomh maith leis an modh bunúsach chun im a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as spúnóg chun uachtar géar a bhualadh i mias, ar modh é a bhí forleathan ar fud na Liotuáine, i réigiún amháin sa Liotuáin, Žemaitija, d’fhorbair daoine a dteicnic shainiúil féin chun uachtar géar a phróiseáil trí uachtar géar téite a mheascadh agus trína bheith cúramach nach ndéantar an bhláthach a dheighilt. Scaip an teicníc sin ar fud na Liotuáine. Bíonn blas agus raimhre ar leith i gceist leis an táirge a fhaightear, ‘Žemaitiškas kastinys’(*Lietuvių kalbos atlasas*, iml. 1, *Leksika*, Vilnias, 1977). I lár an 19ú haois, tugadh tuairisc ar an táirge i bhfoilseacháin acadúla (*Litwa pod wzgledem starozytnych zabytkow, obyczajow i zwyczajow skreslona* (Ludwik Adam Jucewicz (Ludwik z Pokiewia), Vilnias, 1846) agus *Pamiętniki Pana Kamertona* (Leon Potocki, Poznań, 1869)), inar cuireadh a mhodh táirgthe (déanta as uachtar géar téite) agus a bhlas an-deas i dtábhacht.

Tá tras-scríbhinní de chuntais ó dhaoine a rugadh i ndeireadh an 19ú haois agus i dtús an 20ú haois á gcoimeád ag Ard-Mhúsaem na Liotuáine (Cnuasaigh eitneagrafacha Ard-Mhúsaem na Liotuáine, stóras stórála F 15-4, F 15-13, F 32-7 agus F 32-48), ina ndéantar cur síos mar a leanas ar an teicníc táirgthe agus ar an oideas: Ar an gcéad dul síos, cuirtear trí spúnóg bhoird d'uachtar géar agus leath spúnóg d'im i mbabhla cré téite. Measctar é sin go maith agus déantar é a mheascadh le spúnóg adhmaid, sa treo céanna i gcónaí. Nuair a thosaíonn an mhais mheasctha ag fuarú agus á dheighilt ina bláthach, téitear an babhla in uisce te agus fuaraítear an mhais leachtaithe i mbabhla uisce fhuair. Fad a mheasctar é, cuirtear uachtar géar leis an mais i gcainníochtaí beaga. Is minic a chuirtear bainne gruthach in ionad cuid den uachtar géar, rud a fhágann go mbíonn na *kastinys* níos éadroime. Nuair a bhíonn sé in am stop a chur leis an meascadh, cuirtear salann agus luibheanna agus spíosraí eile leis (cearbhas, piobar meilte, gairleog agus oinniún mionghearrtha, na codanna glasa den scailliún atá i séasúr agus craobhóga lusa mhín nó mionta).

Sa leabhar *Lietuvių valgiai* (arna chur le chéile ag J. Pauliukonienė, Mokslas, Vilnias, 1983), leabhar a tháirg acadóirí in 1983 ina dtugtar tuairisc ar na seanteicnící traidisiúnta a d'úsáidtí chun na hamhábhair a ullmhú, trína ndeighltí an t-uachtar géar ón mbainne de láimh (trí é a bhearradh le spúnóg), rud a d'fhágadh go nádúrtha roinnt bainne gruthach san uachtar géar, is mar a leanas an t-oideas agus an modh táirgthe le haghaidh 'Žemaitiškas kastinys': "'Žemaitiškas kastinys": ½ l uachtar géar, 1 spúnóg im, ½ taespúnóg cearbhas nó luibheanna nó spíosraí eile, salann. Cuirtear an t-im i mbabhla cré ina bhfuil lán spúnóige d'uachtar géar, cuirtear an babhla in uisce te, agus measctar an meascán le spúnóg adhmaid. I ndiaidh é a mheascadh beagán (sula ndeighleann an bláthach), cuirtear spúnóg eile d'uachtar géar leis, agus leantar den mheascadh go dtí go mbíonn an t-uachtar géar uile curtha leis. Nuair a thosaíonn sé ag tiúchan, cuirtear salann leis, mar aon leis an gcearbhas nite agus triomaithe, agus measctar go maith é. Bíonn blas beagáinín goirt, séimh, beagán géar ar *kastinys*.'